

Gaeilge Chumarsáideach

LCA LEAVING CERTIFICATE APPLIED

ARDTEISTIMÉIREACHT FHEIDHMEACH

GAEILGE

TOPICS IN COMMON

COURSE	Agencies	Cultural diversity	Food	Interpersonal Skills	Letter Writing	Listening Skills	Local Community	Media	Payments	Political Terminology	Sport	World of Work
Vocational Preparation & Guidance	■	■		■	■		■		■			■
English & Communications				■	■	■		■				■
Mathematical Applications									■			
Social Education	■	■		■		■	■	■		■	■	
Active Leisure Studies	■			■			■				■	■
Agriculture/Horticulture												■
Childcare/Community Care	■			■			■					■
Graphics & Construction Studies												■
Craft & Design												■
Engineering				■								■
Hair & Beauty				■					■			■
Hotel Catering & Tourism		■	■		■	■	■		■			■
Information & Communication Technology				■								■
Office Administration & Customer Care					■				■			■
Technology												■
Arts - Visual-Drama-Music & Dance	■	■				■	■	■				
Introduction to Information & Communications Technology												
Leisure & Recreation	■			■			■				■	
Modern Language		■	■	■		■		■				
Religious Education	■	■					■	■				
Science			■									
Sign Language	■			■								

GAEILGE CHUMARSÁIDEACH

CLÁR

RÉAMHRÁ

Réasúnaíocht 2
Uimhir agus seicheamh na modúl 3
Cur síos ar na modúil 3
Aidhmeanna ginearálta 4
Treoirlínte ginearálta do mhúinteoirí 5
Scrúdú seachtrach 6

MODÚL 1

AN GHAEILGE THART TIMPEALL ORAINN 8
Aidhm 8
Réamhriachtanais 8
Cuspóirí 9
Taighde 14
Eochair-chleachtaí 15

MODÚL 2

SAOL SÓISIALTA AGUS SAOIRE SA BHAILE AGUS THAR LEAR 17
Aidhm 18
Réamhriachtanais 18
Cuspóirí 19
Taighde 23
Acmhainní 24
Eochair-chleachtaí 25
Aguisín 26

RÉAMHRÁ

RÉASÚNAÍOCHT

Is é atá i gceist leis an gclár seo ná cúrsa nua Gaeilge ag leibhéal na hArdteistiméireachta a chur ar fáil. Is í an aidhm atá leis ná go mbeadh úire ag baint leis an gcúrsa agus go mbeadh an cúrsa níos oiriúnaí don ghrúpa ar a bhfuil sé dírithe ná mar atá cúrsaí eile Gaeilge na hArdteistiméireachta. Cúrsa bunaithe ar riachtanais agus ar mhianta teanga an lae inniu atá i gceist. Is í fealsúnacht an chúrsa gur linn ar fad an Ghaeilge agus go bhfuil sé de cheart ag gach dalta an deis a fháil an teanga a fhoghlaim. Athrú béime agus ní ísliú caighdeáin atá i gceist. Is ar dhaltaí i scoileanna nach scoileanna Gaeltachta ná scoileanna lán Ghaeilge iad atá an cúrsa seo *Gaeilge Chumarsáideach* dírithe.

UIMHIR AGUS SEICHEAMH NA MODÚL

Tá dhá mhodúl sa chúrsa seo. Obair a thógfaidh tuairim is leathbhliain atá i ngach modúl.

Modúl 1:	An Ghaeilge thart timpeall orainn
Modúl 2:	Saol sóisialta Saoire sa bhaile agus thar lear

CUR SÍOS AR NA MODÚIL

MODÚL 1: AN GHAEILGE THART TIMPEALL ORAINN

Modúl é seo ina gcuirfear daltaí ar an eolas faoin oiread den Ghaeilge atá in úsáid lasmuigh den scoil. Cuirfear ar a gcumas tuiscint a bhaint as an nGaeilge sin agus páirt ghníomhach a ghlacadh san fhoghlaim. Déanfaidh na daltaí taighde ar ghné a bhaineann leis an ábhar seo.

MODÚL 2: SAOL SÓISIALTA SAOIRE SA BHAILE AGUS THAR LEAR

Modúl é seo ina gcuirfear ar chumas na ndaltaí páirt a ghlacadh ina sainspéiseanna nó a gcaitheamh aimsire féin trí mheán na Gaeilge. Cuirfear an teanga riachtanach ar fáil chun iad a chumasú chun Gaeilge a labhairt ar saoire. Déanfaidh na daltaí taighde ar a rogha ábhair a bhaineann le féiniúlacht chultúrtha agus a thabharfaidh deis dóibh meas níos mó a bheith acu ar an nGaeilge.

AIDHMEANNA GINEARÁLTA

- an dalta a ullmhú do shaol an duine fhásta agus do shaol na hoibre
- cúrsa Gaeilge ardteistiméireachta a chur ar fáil le tacú leis an gcuspóir thuas
- go gcuirfí ar chumas an dalta feidhmiú trí Ghaeilge i suímh áirithe ar fhágáil na scoile dó/di
- go gcuirfí béim ar fhorbairt phearsanta agus sóisialta an dalta
- go n-úsáidfí an pobal áitiúil agus timpeallacht na scoile mar thaca don fhoghlaim
- go gcuirfí ar chumas an dalta cumarsáid bhunúsach a dhéanamh as Gaeilge
- go gcuirfí níos mó béime ar fhorbairt na scileanna cluastuisceana agus labhartha ná mar a chuirfí ar na scileanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta
- go bhforbrófaí scileanna taighde agus eagrúcháin an dalta.

TREOIRLÍNTE GINEARÁLTA DO MHÚINTEOIRÍ

Moltar:

- an Ghaeilge a úsáid mar theanga chaidrimh ranga
- béim a leagan ar chluastuiscint agus ar labhairt na teanga sula ndéantar iarracht scileanna léitheoireachta agus scríofa a fhorbairt
- spéiseanna na ndaltaí a úsáid mar ábhar ceachta
- cloí le múineadh na Gaeilge do shuímh réadúla agus do chomhthéacsanna a bhaineann leis na daltaí
- réimse leathan modhanna múinteoireachta a úsáid
- réimse leathan modhanna meastóireachta a úsáid
- obair bheirte, obair i ngrúpaí agus rólghlacadh le neart deiseanna a thabhairt do na daltaí a bhfuil á fhoghlaim acu a chleachtadh
- ábhar dílis a úsáid nuair is féidir—fógraí, foirmeacha, nuachtáin, irisí, an raidió, an teilifís
- scileanna taighde na ndaltaí a fhorbairt
- aitheantas a thabhairt do chúrsaí eile na hArdteistiméireachta Feidhmí agus naisc a fhorbairt leo
- go n-eagrófaí cuairt ar shuímh ina n-úsáidtear an Ghaeilge iontu go laethúil
- an pobal agus an ceantar áitiúil a úsáid mar thaca don fhoghlaim
- aitheantas a thabhairt don Ghaeilge atá á tabhairt leo ag na daltaí. (Glactar leis gur ag tógáil ar a bhfuil acu den teanga atá i gceist.)

SCRÚDÚ SEACHTRACH

Cuireann an Roinn Oideachais agus Eolaíochta scrúdú cheannchúrsa ar na daltaí. Scrúdú cainte, scrúdú cluastuisceana agus scrúdú léamhthuisceana agus scrúdú scríofa bunaithe ar na modúil atá i gceist. Is féidir trí chreidiúint a bhaint amach as an scrúdú seachtrach seo.

MODÚL 1:

AN GHAEILGE THART TIMPEALL ORAINN

Modúl 1:

AN GHAEILGE THART TIMPEALL ORAINN

AIDHM

Modúl é seo ina gcuirfear daltaí ar an eolas faoin oiread den Ghaeilge atá in úsáid lasmuigh den scoil. Cuirfear ar a gcumas tuiscint a bhaint as an nGaeilge sin agus páirt ghníomhach a ghlacadh san fhoghlaim. Déanfaidh na daltaí taighde ar ghné a bhaineann leis an ábhar seo.

RÉAMHRIACHTANAIS

Glactar leis go mbeadh ar a laghad, Cúrsa Bhonnleibhéil an Teastais Sóisearaigh clúdaithe ag formhór na ndaltaí, (féach Aguisín, Ich.26).

CUSPÓIRÍ

- Go gcuirfí ar chumas na ndaltaí giotaí taifeadta a thuiscint.
- Go gcuirfí ar shúile na ndaltaí cé mhéad Gaeilge atá thart orthu.
- Go gcuirfí na daltaí ar an eolas faoin oiread den Ghaeilge atá in úsáid go náisiúnta.
- Go mbeadh ar chumas na ndaltaí píosa cainte a dhéanamh ag glacadh le duais nó le gradam.
- Go mbeadh ar chumas na ndaltaí foirmeacha áirithe i nGaeilge a thuiscint agus a chomhlíonadh.
- Go mbeadh ar chumas na ndaltaí litir i nGaeilge a scríobh ag lorg eolais nó foirmeacha ó eagrais éagsúla.
- Go ndéanfadh gach dalta tionscadal nó a leithéid ar ábhar a bhaineann le féiniúlacht chultúrtha agus a thabharfadh deis dóibh meas níos mó a bheith acu ar an nGaeilge.

TORTHAÍ NA FOGHLAMA

Éisteacht/Tuiscint

1. Go gcuirfí ar chumas na ndaltaí giotaí taifeadta a thuiscint, mar shampla:
   - ceoilíní (jingles) Raidió na Gaeltachta, agus Raidió na Life fógraí ar Raidió na Gaeltachta
   - peileadóir nó iománaí ag glacadh le corn i bPáirc an Chrócaigh
   - giotaí taifeadta ó TG4 agus RTÉ fógraí TG4
   - samplaí de Bhéarla na hÉireann
   - cinnlínte na nuachta
   - réamhaisnéis na haimsire
   - Gaeilge á labhairt
     - ag an Uachtarán
     - ag cuairteoirí chun na scoile
     - ag polaiteoirí
     - ag daoine cáiliúla
2. Go gcuirfí ar shúile na ndaltaí an oiread den Ghaeilge atá thart orthu:
   - ainmneacha sráideanna, scoileanna, clubanna srl
   - logainmneacha áitiúla
   - ainmneacha baiste
   - sloinnte

TREOIRLÍNTE DO MHÚINTEOIRÍ

Moltar don mhúinteoir:

- taifeadadh a dhéanamh de na daoine éagsúla a luaitear, an t-ábhar a ullmhú roimh ré agus ceisteanna réamhéisteachta a chur, iad a sheinm agus a phlé
- a iarraidh ar na daltaí taifeadadh a dhéanamh de cheoilíní Raidió na Gaeltachta, Raidió na Life agus na stáisiúin áitiúla. Éisteacht leo sa rang. Na daltaí a chur ag cumadh ceoilín simplí as Gaeilge bunaithe ar cheol nó amhrán dá rogha
- físthaifeadadh a dhéanamh de ghiotaí nuachta, réamhaisnéis na haimsire, fógraí, torthaí spóirt srl ó TG4. Daltaí ag déanamh aithrise ar na léitheoirí/láithreoirí ag cur píosa an-ghairid nuachta nó réamhaisnéis na haimsire i láthair
- éisteacht le hóráidí buaiteoirí chluichí ceannais nó a leithéid. Óráid an-ghairid a ullmhú leis na daltaí d'ócáid ar nós cluiche peile, bronnadh gradaim
- sceideal TG4 a chur i láthair na ndaltaí le go ndéanfaidís taifeadadh iad féin de chláir don cheacht Gaeilge. Suirbhé sráide a dhéanamh ar lucht féachana TG4. Torthaí an tsuirbhé a chur i lathair le graif nó cairteanna srl
- taighde a dhéanamh ar fhógraíocht ar TG4. A fháil amach cé hiad na comhlachtaí a dhéanann fógraíocht trí Ghaeilge. Litir a scríobh lena fháil amach cén fáth a ndéanann siad é. (Nestles, Kit-Kat, Homestead, Toyota, na bainc srl.)

TORTHAÍ NA FOGHLAMA

Oifig an Phoist

cláruimhreacha gluaisteán

comharthaí bóthair

comharthaí Gaeilge ar na busanna

stáisiúin traenach

Amhrán na bhFiann

an tIdirlíon.

3. Go gcuirfí na daltaí ar an eolas faoin oiread den Ghaeilge atá in úsáid go náisiúnta

    téarmaí polaitíochta (an tOireachtas, an Seanad, an Dáil, an Taoiseach, An Tánaiste srl)

    ainmneacha boird stáit agus eagrais eile (FÁS, An Bord Glas, Trócaire srl)

    foirmeacha oifigiúla

    cáipéisí oifigiúla (Teastais bhreithe, pas srl)

    fógraí oifigiúla

    seirbhísí atá ar fáil trí Ghaeilge (seicleabhair, billí BSL srl)

Labhairt

4. Go mbeadh ar chumas na ndaltaí píosa cainte a dhéanamh ag glacadh le duais nó le gradam

TREOIRLÍNTE DO MHÚINTEOIRÍ

- éisteacht le samplaí de Bhéarla na hÉireann agus iad a chur i gcomparáid leis an nGaeilge: 'I do be always late'; 'It's two mile from here'; 'Is there butter in it?' Na daltaí ag lorg samplaí eile de Bhéarla na hÉireann
- na daltaí ina ngrúpaí a chur i mbun mór-thaighde ar an nGaeilge atá le feiceáil i gcomharsanacht na scoile:

    ainmneacha na sráideanna

    comharthaí bóthair

    Oifig an Phoist

    busanna

    stáisiún traenach

    feithiclí an Údaráis Áitiúil

    cláruimhreacha gluaisteán

    siopaí

    scoileanna

    clubanna spóirt

    dáileoir airgid 'Banklink'

    stáisiún na nGardaí srl
- torthaí na taighde thuas a chur i láthair daltaí, múinteoirí, tuismitheoirí agus cuairteoirí i bhfoirm físeáin nó taispeántas grianghraif nó tuairisc bhéil nó mar thuairisc scríofa
- tóraíocht taisce do dhaltaí óga na scoile a bhunú ar an nGaeilge sa chomharsanacht.

TORTHAÍ NA FOGHLAMA

Léamh agus scríobh

4. Go mbeadh ar chumas na ndaltaí foirmeacha áirithe i nGaeilge a thuiscint agus a chomhlíonadh
5. Go mbeadh ar chumas na ndaltaí litir i nGaeilge a scríobh ag lorg eolais nó foirmeacha ó eagrais éagsúla
6. Go ndéanfadh gach dalta tionscadal nó a leithéid ar ábhar a bhaineann le féiniúlacht chultúrtha agus a thabharfadh deis dóibh meas níos mó a bheith acu ar an nGaeilge

   Samplaí:

   An Ghaeltacht

   An Ghaeilge ar an teilifís

   TG4

   Raidió na Gaeltachta

   Raidió na Life

   An Ghaeilge agus an raidió náisiúnta/áitiúil

   Coláistí Gaeilge

   An Naíonra áitiúil

   Gaelscoileanna

   Comhluadar (eagraíocht tacaíochta do theaghlaigh a labhrann Gaeilge sa bhaile)

   Conradh na Gaeilge

   Gael Linn

   Ógeagrais Ghaeilge

   Fógraíocht trí Ghaeilge

   An Ghaeilge i saol an duine fhásta

   Logainmneacha

   Meon an phobail i leith na Gaeilge.

TREOIRLÍNTE DO MHÚINTEOIRÍ

- staidéar a dhéanamh ar léarscáil den cheantar le logainmneacha áitiúla a bhailiú

  féachaint ar an léarscáil agus na háiteanna a thosaíonn le baile- nó dún-, nó cill- a aimsiú agus a mhíniú
- daltaí a chur ag cur seandaoine faoi agallamh faoi logainmneacha áitiúla
- cuireadh a thabhairt do dhuine le heolas ar logainmneacha áitiúla a theacht chun na scoile le ceisteanna na ndaltaí a fhreagairt fúthu
- an Ghaeilge sna logainmneacha a chur ar na súile do na daltaí
- na daltaí a chur ag fáil míniú ar fhocail choitianta a bhaineann le logainmneacha ar nós: bally, dun, kill, knock, tully, lis, shan, more, beg
- taighde a dhéanamh ar ainmneacha baiste daltaí na scoile lena fháil amach cé mhéad dalta le hainm de bhunadh Gaeilge atá sa scoil
- brí na n-ainmneacha is coitianta a aimsiú as leabhair
- brí sloinnte a chur i láthair na ndaltaí. Gach dalta ag déanamh taighde ar a s(h)loinne féin, armas an tsloinne sin agus mana an armais, más ann dó
- Amhrán na bhFiann a mhíniú agus a mhúineadh. Tábhacht agus siombalachas amhráin náisiúnta a phlé leis na daltaí.

TORTHAÍ NA FOGHLAMA

TREOIRLÍNTE DO MHÚINTEOIRÍ

- daltaí ar an Idirlíon ag lorg suímh le Gaeilge nó i nGaeilge
- stoirmeáil inchinne le teacht ar théarmaí polaitiúla i nGaeilge (Taoiseach, Seanad srl), boird stáit (An Bord Bia) agus eagrais eile (Teagasc) le hainmneacha i nGaeilge
- samplaí d'fhoirmeacha, de cháipéisí oifigiúla agus d'fhógraí oifigiúla i nGaeilge a bhailiú go háitiúil. Litreacha a scríobh ag lorg foirmeacha nach bhfuil ar fáil go héasca
- na foirmeacha a léamh agus a chomhlánú leis na daltaí
- eolas a bhailiú ó chomhlachtaí faoi sheirbhísí trí Ghaeilge (BSL, Eircom, na bainc srl)
- na daltaí a thabhairt ar cuairt chuig dáileoir airgid Banklink lena léiriú dóibh go bhfuil Gaeilge ag an dáileoir.

TAIGHDE

Is gá do gach dalta tionscadal bunaithe ar an modúl seo a dhéanamh. Is féidir aon ábhar a roghnú a bhaineann le féiniúlacht chultúrtha a thugann deis don dalta meas níos mó a bheith aige nó aici ar an nGaeilge. Is féidir torthaí na taighde a chur i láthair ar aon bhealach is mian leis an dalta.

EOCHAIR-CHLEACHTAÍ

SEICLIOSTA

Féachtar chuige go mbeidh an dalta tar éis gach ceann de na heochair-chleachtaí seo a leanas a dhéanamh.

D'éist mé le trí phíosa cainte taifeadta agus bhain mé brí astu. ☐

Rinne mé píosa gairid cainte ag glacadh le duais. ☐

Scríobh mé litir ghairid as Gaeilge, ag lorg foirmeacha. ☐

Léigh mé foirmeacha as Gaeilge agus chomhlíon mé iad. ☐

Ghlac mé páirt i dtaighde grúpa bunaithe ar an nGaeilge i mo cheantar áitiúil. ☐

Rinne mé taighde a bhain le féiniúlacht chultúrtha. ☐

MODÚL 2

SAOL SÓISIALTA AGUS SAOIRE SA BHAILE AGUS THAR LEAR

Modúl 2:

SAOL SÓISIALTA AGUS SAOIRE SA BHAILE AGUS THAR LEAR

AIDHM

Modúl é seo ina gcuirfear ar chumas na ndaltaí páirt a ghlacadh ina sainspéiseanna agus a gcaitheamh aimsire féin trí mheán na Gaeilge. Cuirfear an teanga riachtanach ar fáil chun iad a chumasú chun Gaeilge a labhairt ar saoire. Déanfaidh na daltaí taighde ar a rogha ábhair a bhaineann le féiniúlacht chultúrtha agus a thabharfaidh deis dóibh meas níos mó a bheith acu ar an nGaeilge.

RÉAMHRIACHTANAIS

Modúl 1: An Ghaeilge thart timpeall orainn

CUSPÓIRÍ

- Go mbeadh ar chumas an dalta labhairt faoi chaitheamh aimsire amháin atá aige nó aici
- Go mbeadh an bunfhoclóir a bhaineann leis an gcaitheamh aimsire sin ag an dalta
- Go mbeadh an teanga riachtanach ag an dalta le Gaeilge a labhairt i suímh áirithe ar saoire
- Go mbeadh ar chumas an dalta cárta poist a scríobh le seoladh abhaile
- Go ndéanfadh gach dalta tionscadal nó a leithéid ar ábhar a bhaineann le féiniúlacht chultúrtha agus a thabharfaidh deis dóibh meas níos mó a bheith acu ar an nGaeilge.

TORTHAÍ NA FOGHLAMA

Saol sóisialta

1. Brathann rogha an ábhair don mhodúl seo ar shainspéiseanna na ndaltaí.

Sampla 1: Spórt

go mbeadh bunfhoclóir a bhaineann le páirc/cúirt imeartha ag na daltaí

go mbeadh teidil na n-imreoirí ar eolas ag na daltaí (cúlbáire srl)

go dtuigfeadh na daltaí torthaí spóirt i nGaeilge

go mbeadh teanga oiriúnach "páirce" ag na daltaí ("Buail í.", "Buail anseo í." "Fág fúmsa í." srl)

go mbeadh ar chumas na ndaltaí tuairisc scríofa nó béil a thabhairt ar chluiche

go mbeadh ar chumas na ndaltaí tráchtaireacht trí Ghaeilge a dhéanamh ar chluiche

go mbeadh rosc oiriúnach ar nós "Cill Chainnigh Abú" ar eolas ag na daltaí

go mbeadh “Amhrán na bhFiann” ar eolas ag na daltaí.

Sampla 2: Ceol agus Damhsa

go mbeadh bunfhoclóir ag na daltaí le cur síos a dhéanamh ar a rogha ceoil

go mbeadh bunfhoclóir a bhaineann le huirlisí ceoil agus ceoltóirí ag na daltaí (giotár, drumadóir srl)

TREOIRLÍNTE DO MHÚINTEOIRÍ

Saol sóisialta

▶ Moltar modhanna múinteoireachta gníomhacha a úsáid don mhodúl seo. Brathann sé seo, ar ndóigh, ar rogha chaitheamh aimsire na ndaltaí.

TORTHAÍ NA FOGHLAMA

go mbeadh ar chumas na ndaltaí
cur síos ó bhéal a dhéanamh
ar ghrúpa ceoil

go mbeadh ar chumas na ndaltaí
tuairisc scríofa nó béil a thabhairt ar
cheolchoirm

go mbeadh ar chumas na ndaltaí clár
ceoil raidió a chur i láthair

go mbeadh amhráin i nGaeilge
ar eolas ag na daltaí

go mbeadh ar chumas na ndaltaí rincí
céilí nó seite a fhoghlaim trí Ghaeilge.

An Ghaeilge ar saoire

2. go mbeadh an teanga riachtanach
ag na daltaí le Gaeilge a labhairt
i suímh mar seo:

ag cur síos ar dhaoine

ag cur síos ar áiteanna
(óstán, árasán, dioscó srl)

ag caint faoi bhia

ag caint faoin aimsir

ag caint leo sa bhaile ar an teileafón

go mbeadh ar chumas na ndaltaí cárta
poist a scríobh le seoladh abhaile.

TREOIRLÍNTE DO MHÚINTEOIRÍ

Saoire sa bhaile agus thar lear

- Pictiúir a úsáid le foclóir a bhaineann le cur síos a dhéanamh ar dhaoine, a mhúineadh do na daltaí.
- Físthaifeadadh a dhéanamh de dhaoine aitheanta agus na daltaí a chur ag déanamh cur síos orthu.
- Cluichí ranga a chur ar bun le daltaí ag déanamh cur síos ar dhuine agus daltaí eile ag tomhas cé atá i gceist.
- Grianghraif de na daltaí a úsáid le cluichí a bhunú orthu le cur síos a dhéanamh ar dhaoine.
- Pictiúir a úsáid le foclóir a bhaineann le seomraí tí, áiseanna óstáin srl, a mhúineadh do na daltaí.
- Cluichí meaitseála a bhunú ar na pictiúir.

TORTHAÍ NA FOGHLAMA

TREOIRLÍNTE DO MHÚINTEOIRÍ

- Daltaí ag obair i ngrúpaí a chur ag dearadh a rogha seomra codlata, óstáin nó a leithéid. Lipéid a chur lena ndearadh ag ainmniú troscáin, áiseanna srl.
- Taighde a dhéanamh ar an mbia a itear sna tíortha ina raibh daltaí ar saoire.
- Biachláir a dhearadh do bhialanna sna tíortha éagsúla sin.
- Daltaí i mbeirteanna a chur ag rólaithris freastalaí agus custaiméir bialainne.
- Físthaifeadadh a dhéanamh de chlár aimsire TG4.
- Cártaí oibre a bhunú ar an gclár.
- Daltaí a chur ag cumadh réamhaisnéis aimsire. Físthaifeadadh a dhéanamh de dhaltaí ag cur réamhaisnéis aimsire i láthair.
- Obair bheirte a bhunú ar chomhráite teileafóin ó áit shaoire go dtí an baile.
- Taifeadadh a dhéanamh ar na daltaí.
- Na daltaí a chur ag cumadh ceisteanna bunaithe ar a gcomhráite teileafóin féin.
- Cártaí poist a scríobh bunaithe ar a bhfuil thuas (an aimsir, na daoine, na háiseanna, caitheamh aimsire.)

TAIGHDE

Go ndéanfadh gach dalta tionscadal nó a leithéid ar a rogha ábhair a bhaineann le féiniúlacht chultúrtha agus a thabharfadh deis dóibh meas níos mó a bheith acu ar an nGaeilge.

SAMPLAÍ:

Teangacha Ceilteacha

Tionchar na dteangacha iasachta ar an nGaeilge

Béarla na hÉireann

Gaeilge tríd an mBéarla

Canúintí

Féilte

Traidisiún na himirce

An Ghaeilge i measc lucht imirce

An scéalaíocht (Scéalaíocht agus móitífeanna idirnáisiúnta.)

ACMHAINNÍ

LEABHAIR

Irish Families: Their Names, Arms and Origins,
by Edward Mc Lysaght, Irish Academic Press

More Irish Families, by Edward Mc Lysaght, Irish Academic Press

The Surnames of Ireland, by Edward Mc Lysaght, Irish Academic Press

Irish Names, by Donnchadh Ó Corráin and Fidelma Maguire, Lilliput Press

Book of Irish Names: First, Family and Place Names,
by Ronan Coghlan and Ida Crehan

Gentle Places and Simple Things
Hearth and Stool and All
In Ireland Long Ago
Irish Country People
The Year in Ireland
All by Kevin Danaher, Mercier Press

Why Irish? Irish Identity and the Irish Language, by Hilary Tovey, Hannan and Abramson, Bord na Gaeilge

Irish Tinkers, by Janine Wiedel Latimer, New Dimensions Ltd.

Irish Placenames, by Laurence Flanagan, Gill and Macmillan

Oceans of Consolation – Book and Tape, *Irish Emigrants Letters from Australia,* by David Fitzpatrick, Cork University Press

Favourite Irish Names, by Laurence Flanagan

Storytelling in Irish Tradition, by Seán O'Sullivan, Mercier Press

Hands, by David Blake Knox, RTÉ

Life and Tradition in Rural Ireland,
by Diarmuid Ó Muirithe, Mercier Press

Gaeilge Chiarraí, by Diarmuid Ó Sé, I.T.É

Gaeilge Uladh, by Dónall Ó Baoill, I.T.É

Gaeilge Chonnacht, by Séamas Ó Murchú, I.T.É

Irish Works, by Dáithí Ó Dufaigh, Gael-Linn

EOCHAIR-CHLEACHTAÍ

SEICLIOSTA

Féachtar chuige go mbeidh an dalta tar éis na ceithre cinn de na heochair-chleachtaí seo a leanas a dhéanamh:

Labhair mé Gaeilge le daoine éagsúla faoi cheann amháin de mo chuid caitheamh aimsire. ☐

Bhí mé in ann Gaeilge a labhairt agus mé ar saoire:

- faoi na daoine
- faoin mbia
- faoin aimsir
- faoi na háiteanna
- faoi chaitheamh aimsire. ☐

Scríobh mé cárta poist as Gaeilge. ☐

Ghlac mé páirt i dtionscadal bunaithe ar mhodúl 2. ☐

AGUISÍN

Glactar leis go mbeidh ar a laghad, cúrsa Bonnleibhéil an Teastais Shóisearaigh clúdaithe ag formhór na ndaltaí. Mar thoradh air sin beidh ar chumas na ndaltaí deighleáil ag leibhéal an – bhunúsach leis an ábhar seo a leanas:

- Laethanta na seachtaine
- Ábhair scoile
- Spórt/Cluichí
- Aois
- An aimsir
- Poist/Obair
- Áiteanna (cathracha, bailte, tíortha, foirgnimh srl)
- Siopaí
- Praghsanna
- Caitheamh aimsire
- Cóisir/Dioscó/Céilí
- Cuireadh
- Freagra ar chuireadh
- Foirm iarratais
- Clár ama
- Cártaí poist
- Cén chaoi?
- Cén fáth?
- Cá?
- Cad?
- Cé?
- Cad atá/a bhíonn/a bhí/a bheidh ar siúl ag …?
- An maith le …?
- Cad ba mhaith le …?

Published by The Stationery Office
To be purchased directly from:
Government Publications Sales Office,
Sun Alliance House,
Molesworth Street, Dublin 2.
Or by mail order from:
Government Publications, Postal Trade Section,
4-5 Harcourt Road, Dublin 2.
Tel: 01-647 6834/5 Fax: 01-475 2760
Or through any bookseller.
Price: £1.50

This programme has been funded by the European Social Fund

Designed by: Langley Freeman Design Group Limited
© 2000 Government of Ireland